# 6 Cuntasaíocht Vótaí agus Bainistiú Buiséid

**6.1** Soláthraíonn Dáil Éireann airgead le haghaidh seirbhísí ranna agus oifigí rialtais

- trí mheastacháin ar fháltais agus ar chaiteachas a cheadú le haghaidh na seirbhísí sin le linn na bliana
- trí fheidhm reachtúil a thabhairt do na meastacháin in Acht Leithreasa bliantúil.

**6.2** Déantar foráil do chaiteachas faoi 'vótaí', agus cuimsítear feidhmeanna gach roinne nó oifige faoi aon vóta amháin nó níos mó. Sa chéad chuid den mheastachán le haghaidh gach vóta (ar a dtugtar an raon), soláthraítear breac-chuntas ar na seirbhísí atá le maoiniú. Cuimsítear an raon san Acht Leithreasa bliantúil agus, ar an ábhar sin, léirítear ann na críocha ar lena n-aghaidh ar cheadaigh Dáil Éireann na cistí.

**6.3** Ag deireadh gach bliana airgeadais, bíonn ar gach roinn agus oifig cuntas a ullmhú, ar a dtugtar an cuntas leithreasa, le haghaidh gach seirbhíse vótáilte a bhíonn á riar faoina cúram. Tá dualgas reachtúil ann an toradh don bhliain i gcomparáid leis an méid a sholáthair Dáil Éireann a thuairisciú sa chuntas leithreasa.

**6.4** Anuas ar sheirbhísí vótáilte, déanann roinnt ranna rialtais cistí reachtúla a riar. Go hiondúil, déantar iad sin a chistiú ó fhoinsí seachas an Príomhchiste agus, ar an ábhar sin, ní 'vótálann' Dáil Éireann an cistiú sin. Is samplaí iad seo a leanas de chistí dá leithéid agus dá bpríomhfhoinsí ioncaim:

- An Ciste Árachais Shóisialaigh (ranníocaíochtaí ÁSPC)
- An Ciste Rialtais Áitiúil (fáltais ó mhótarcháin agus ó cháin mhaoine áitiúil)
- An Ciste Náisiúnta Oiliúna (fáltais ón tobhach ar an gCiste Oiliúna agus deontais ón AE)
- An Ciste Comhshaoil (tobhaigh ar mhálaí plaisteacha agus ar líonadh talún).

**6.5** Agus na meastacháin agus na tuarascálacha ar chaiteachas á gcur i láthair, cuireann an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe an Ciste Árachais Shóisialaigh (€8.5 billiún i meastacháin 2016) agus an Ciste Náisiúnta Oiliúna (€362 milliún i meastacháin 2016) san áireamh san ollchaiteachas iomlán. Tugann an Roinn le fios gurb amhlaidh atá mar aitheantas ar an gcaiteachas mór arna chistiú ag ranníocaíochtaí ÁSPC, ról na ranna ábhartha i dtaca leis an gcaiteachas arna thabhú ag na cistí sin, agus, i gcás sprioceasnaimh sna cistí sin in aon bhliain airgeadais, féadtar an méid i gceist a íoc isteach sna cistí ó airgead arna sholáthar ag Dáil Éireann.

## Torthaí na n-iniúchtaí ar chuntais leithreasa, 2016

**6.6** Tá iniúchadh déanta ar chuntais leithreasa 2016 le haghaidh gach vóta. Tá gach cuntas, mar aon leis an tuarascáil ar an iniúchadh a bhaineann léi, á chur faoi bhráid Dháil Éireann leis an tuarascáil seo.


**6.7** Tá achoimre in Iarscríbhinn 6A (Fíor 6A.1) ar na méideanna a leithreasaíodh in 2016 le haghaidh seirbhísí poiblí vótáilte. Léirítear toradh don bhliain freisin, mar aon leis an mbarrachas leithreasuithe i gcoinne caiteachais.

**6.8** Ba é €47.5 billiún an méid iomlán a leithreasaíodh le haghaidh seirbhísí poiblí in 2016. Bhí san áireamh san fhigiúr sin deontais soláthair de luach €44.6 billiún, cistiú caipitiúil de luach €112 milliún a tugadh anonn ó 2015 agus leithreasaí i gcabhair de luach €2.8 billiún.

## Toradh na vótaí

**6.9** Tá achoimre i bhFíor 6.1 ar an gcaiteachas comhiomlán agus ar na leithreasaí i gcabhair le haghaidh gach vóta sna mblianta 2010 go 2016. Ba é €47 billiún an tsuim iomlán a chaith ranna agus oifigí in 2016. Tar éis leithreasaí i gcabhair réadaithe de luach €3 bhilliún a asbhaint, ba é €44 billiún an glanchaiteachas sa bhliain.

**Fíor 6.1 Toradh caiteachais vótáilte, 2010 go 2016**




Foinse: Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí, 2010 go 2016. Iarscríbhinn 6A

### *Vóta barrachais — Vóta 35 'Pinsin Airm'*

**6.10** Leagtar síos san Acht Leithreasa teorainn le caiteachas gach vóta agus le méid na leithreasaí i gcabhair a fhéadtar a úsáid i dtaca leis an vóta sin. Ní ceadmhach aon fháltais de bhreis ar an teorainn shonraithe le leithreasaí i gcabhair a úsáid chun caiteachas a mhaoiniú agus caithfear iad a ghéilleadh don Státchiste. Ní mór aon chaiteachas de bhreis ar an teorainn a shonraítear san Acht Leithreasa a chur i gcead Dháil Éireann — tugtar *vóta barrachais* air sin. Tarlaíonn vóta barrachais freisin nuair nach féidir aon easnamh i leithreasaí i gcabhair a sheasamh trí airgead a choigilt sa chaiteachas.

**6.11** Ba é €234,690,000 an tsuim a leithreasaigh an tOireachtas do Vóta 35 'Pinsin Airm'. Ba é €234,713,299 an caiteachas a tabhaíodh, is é sin €23,299 ní ba mhó ná an tsuim a leithreasaíodh.

**6.12** Agus an t-iniúchadh á dhéanamh ar an gcuntas leithreasa i gcomhair Vóta 35, tugadh faoi deara gur gearradh €26,464, a bhain le híocaíochtaí pinsin a rinneadh in 2016 mar thoradh ar orduithe cúirte idirscartha nó colscartha, ar chuntas fionraí, agus nár gearradh ar an Vóta go dtí go luath in 2017 é de dheasca dearmad a bhain le brú oibre ag deireadh na bliana. D'fhág sé sin go raibh €26,464 ní ba lú sa chaiteachas iomlán do 2016 agus an méid céanna ní ba mhó ann do 2017. Nuair a cuireadh an t-idirbheart sin i gceart agus a gearradh an tsuim ar chuntais 2016, bhí an t-ollchaiteachas iomlán ar an Vóta €23,299 ní ba mhó ná an tsuim a leithreasaigh an tOireachtas. Is ann do leithreasaí i gcabhair barrachais de luach €237,466, a d'fhéadfadh a úsáid leis an mbarrachas a sheasamh, ach bheadh ar Dháil Éireann é sin a fhaomhadh.

**6.13** Bhí an nós imeachta i leith plé a dhéanamh le horduithe coigeartaithe pinsin arna ndéanamh ag na cúirteanna i gcásanna idirscartha agus colscartha ní ba chasta ná mar ba ghá. Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta in iúl go bhfuil nósanna imeachta níos simplí curtha i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2017. Lena chois sin, tá córas nua seiceálacha agus réiteach míosúil, a dhéanfar le linn na ráithe deiridh, curtha i bhfeidhm anois d'fhonn na rialuithe inmheánacha a bhí ann cheana

maidir le cuntais fionraí a dhéanamh níos láidre fós. Deir sé go gcabhróidh na seiceálacha sin leo sainaithint a dhéanamh ar aon fhadhbanna féideartha, más ann, ar bhonn tráthúil agus beidh an deis acu dá bhrí sin aon bheart is gá a dhéanamh chun iad a chur ina gceart.


**6.14** Leagtar amach in *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* an próiseas atá le leanúint nuair a thagann vóta barrachais chun solais.

- Tuairiscíonn an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste an barrachas don Dáil tríd an gCoiste um Chuntais Phoiblí (CCP).
- Más toil leis an gCoiste é, eisíonn sé tuairisc á sonrú nach bhfuil dada i gcoinne an bharrachais aige agus gur féidir le Dáil Éireann an tsuim bharrachais a cheadú trí vóta barrachais.
- Is é an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a shocraíonn cibé acu ba chóir nó nár chóir vóta barrachais a chur os comhair na Dála. Nuair atá an tAire sásta déanamh amhlaidh, cuireann sé ráiteas barrachais faoi bhráid Dháil Éireann lena fhaomhadh.

### *Barrachas*

**6.15** Ba é €643 milliún iomlán an bharrachais in 2016 (féach Fíor 6.2). Faomhadh €74 milliún den tsuim sin lena thabhairt anonn go 2017. Bhí iarmhéid €569 milliún le géilleadh. Léirítear in Iarscríbhinn 6A (Fíor 6A.2) na suimeanna atá le géilleadh nó le tabhairt anonn go 2017 i leith gach vóta.

**Fíor 6.2 Leithreasaí barrachais, 2010 go 2016**




Foinse: Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí, 2010 go 2016, Iarscríbhinn 6A

## Fáltais bhreise don Státchiste


**6.16** I gcás suimeanna áirithe arna mbailiú ag ranna agus ag oifigí, ordaíonn an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe go gcuirfear do shochar an Státchiste iad, agus ní chaitear leo mar leithreasaí i gcabhair. Áirítear ina measc fáltais ó fhíneálacha cúirte agus fáltais ó tháillí an Údaráis Clárúcháin Maoine. Is amhlaidh a dhéantar fáltais amhantair a thabhairt chun cuntais de ghnáth, lena n-áirítear fáltais ó dhíolacháin mhóra mhaoine, fáltais de bhun ioncam barrachais nó brabúis comhlachtaí Stáit, ús, díbhinní nó aisíocaíochtaí caipitil, íocaíochtaí cúitimh, agus tuarastail a thugtar suas ar bhonn deonach.

**6.17** Sa chás gur tháinig fáltais bhreise don Státchiste chun cinn in 2016, léirítear na méideanna i nótaí leis na cuntais leithreasa ábhartha. Ba é €133 milliún iomlán na bhfáltas breise don Státchiste a thaifead ranna agus oifigí in 2016 (2015: €157m). Leagtar amach in Iarscríbhinn 6A (Fíor 6A.3) méid comhiomlán na bhfáltas sin a tuairiscíodh i ngach cuntas.

## Athraitheas buiséid

**6.18** Léirítear i méid an mheastacháin bunaidh a ceadaíodh réamh-mheastachán ar an méid a bheadh de dhíth chun íoc as costas na seirbhísí atá le soláthar faoi gach vóta. Dá bhrí sin, is é atá san athraitheas buiséid ná an difríocht idir an meastachán bunaidh ar an nglanchaiteachas agus an toradh iarbhír sa bhliain.[1] Léirítear i bhFíor 6.3 an t-athraitheas buiséid le haghaidh na vótaí ar fad le chéile, do na blianta 2005 go 2016.

**Fíor 6.3 Athraitheas idir an glanchaiteachas agus an buiséad bunaidh, gach vóta, 2005 go 2016**




Foinse: Anailís arna déanamh ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

**6.19** Idir 2005 agus 2007, bhí an glanchaiteachas vótáilte faoi bhun an mheastacháin bunaidh gach bliain. Ní ann do phatrún comhsheasmhach athraithis ó 2008 i leith. Bhí an glanchaiteachas €244 milliún ní ba lú ná an réamh-mheastachán bunaidh in 2016.

1 Tá foráil reachtúil ann chun leithdháiltí caipitil gan caitheamh a thabhairt anonn go dtí an bhliain ina dhiaidh lena n-úsáid chun na críche céanna, le cead ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Sa tuarascáil seo, caitear le méideanna a thugtar anonn dá leithéid mar chuid de leithreasaí bliantúla na roinne.


### *Athraitheas buiséid de réir vóta*

**6.20** Is iad na trí vóta ar bhain an glanathraitheas airgeadaíochta ba mhó in 2016 leo ná an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (€253 milliún ní ba lú ná an meastachán bunaidh), an Roinn Oideachais agus Scileanna (€121 milliún ní ba mhó ná an meastachán bunaidh) agus an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt (€82 milliún ní ba mhó ná an meastachán bunaidh).

**6.21** Leagtar amach i bhFíor 6.4 an t-athraitheas comhréireach idir an glanchaiteachas iarbhír agus an meastachán bunaidh in 2016 le haghaidh gach vóta.

- Bhí 6 vóta ann inar mhó an toradh glanchaiteachais ná an meastachán bunaidh. Is ag an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt a bhí an céatadán róchaithimh ab airde, .i. 6%, i gcomparáid leis an meastachán bunaidh.
- Tabhaíodh glanchaiteachas ní ba lú ná mar a measadh ar dtús i gcás na 35 vóta eile sna meastacháin athbhreithnithe.

**Fíor 6.4 Athraitheas sa ghlanchaiteachas de réir vóta, mar chomhréir leis an mbuiséad bunaidh, 2016**




Foinse: Anailís arna déanamh ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

### *Meastacháin fhorlíontacha*

**6.22** Sa chás go gceadaíonn an Dáil meastachán vóta, déanann sé é sin ar an leibhéal comhiomlán. Is féidir leis na ranna a mbuiséad a bhainistiú trí leithdháiltí a bhogadh idir cláir agus fo-cheannteidil go pointe áirithe, ach cead a fháil ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe chuige sin. Virement a thugtar ar an bpróiseas ath-leithdhála sin.

**6.23** Más rud é gur gá coigeartú mór a dhéanamh ar na buiséid le haghaidh clár nó fo-cheannteideal in imeacht na bliana, ní mór cead oifigiúil a lorg ón Dáil. Is trí phróiseas an mheastacháin fhorlíontaigh a dhéantar é sin. Is féidir an próiseas seo a úsáid freisin, más gá, chun an uasteorainn airgid thirim a mhéadú le haghaidh vóta don bhliain. Déanann coistí ábhartha den Dáil sonraí na meastachán forlíontach arna lorg a phlé sula n-iarrtar cead ó Dháil Éireann féin.

**6.24** In 2016, bhí gá le meastacháin fhorlíontacha mhóra i gcás 7 vóta chun an méid foriomlán a bhí ar fáil a mhéadú (féach Fíor 6.5). Áirítear ina measc dhá vóta — an Garda Síochána agus Pinsin Airm — ónar theastaigh meastacháin fhorlíontacha mhóra gach bliain ó bhí 2010 ann.

**Fíor 6.5 Vótaí a raibh meastacháin fhorlíontacha ag baint leo, 2010 go 2016[a]**

| | 2010 | 2011 | 2012 | 2013 | 2014 | 2015 | 2016 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| An Roinn Sláinte[b] | ● | ● | ● | ● | ● | ● | |
| An Garda Síochána | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● |
| Pinsin Airm | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● |
| An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt | ○ | | ● | ● | ● | ● | ● |
| An Roinn Coimirce Sóisialaí | ● | | ● | | | ● | ● |
| An Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta | ○ | ○ | ○ | | ○ | ● | ● |
| Aoisliúntais agus Liúntais Scoir | | | ● | | ● | ● | |
| An Roinn Oideachais agus Scileanna | ○ | | | | ● | ● | ● |
| An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara | | | | | ● | ● | ○ |
| An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí | | | | | ● | ● | |
| Príosúin | | | | | ● | ● | |
| An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige | | | | | ○ | ● | |
| Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit | | | | | | ● | |
| An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil | ○ | ○ | ○ | | ● | | |
| An tSeirbhís Chúirteanna | ○ | ● | ● | | ○ | | ● |
| An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta | ● | | | | ○ | | |
| Roinn an Taoisigh | | | | | ● | | |
| An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála | ● | | | | | | ○ |
| An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais | ○ | ○ | | ○ | | | |
| Seirbhísí Comhroinnte | | | | ○ | | ○ | |
| An Roinn Cumarsáide, Gnóthaí ar son na hAeráide agus Comhshaoil | | | | | | ○ | |
| Oifig an Aire Airgeadais | | | | | | ○ | |
| An Roinn Cosanta | | | | | ○ | | ○ |
| An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe | | ○ | | | | | |

Foinse: Anailís arna déanamh ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Nótaí:

● Léirítear leis seo méadú ar an meastachán glanchaiteachais, .i. meastachán forlíontach mór.

○ Léirítear leis seo nach raibh ach méadú comharthach €1,000 i gceist leis an méadú ar an nglanchaiteachas, .i. meastachán forlíontach teicniúil.

a Tá teideal na vótaí mar atá leagtha amach sna Meastacháin Athbhreithnithe le haghaidh Seirbhísí Poiblí, 2016. I gcás vótaí áirithe, b'fhéidir go raibh teideal éagsúil i bhfeidhm i mblianta roimhe seo inar ceadaíodh meastachán forlíontach.

b Ó 2015 ar aghaidh, níorbh ann do vóta ar leith i gcomhair FSS. Cuirtear maoiniú Státchiste ar fáil do FSS trí dheontais ón Vóta sláinte ó shin i leith. Bhí meastacháin fhorlíontacha mhóra de dhíth ar Vóta FSS idir 2010 agus 2014 agus, agus in 2015 bhí meastachán forlíontach mór de dhíth ar Vóta na Roinne Sláinte.

## Iarscríbhinn 6A  Toradh airgeadais na vótaí

Soláthraíonn Dáil Éireann airgead le haghaidh ghnáthsheirbhísí na ranna agus na n-oifigí rialtais trí mheastacháin a cheadú le haghaidh na méideanna atá de dhíth ar na seirbhísí sin i rith gach bliana, agus feidhm reachtúil a thabhairt do na meastacháin sin san Acht Leithreasa bliantúil.  Soláthraítear an caiteachas faoi shraith 'vótaí'.  De réir dlí, is gá cuntas leithreasa a tháirgeadh le haghaidh gach aon vóta.  Ní mór sonraí a thabhairt sa chuntas sin ar an toradh don bhliain i gcoinne an mhéid a sholáthair Dáil Éireann.

I bhFíor 6A.1, tugtar achoimre ar an toradh ar chaiteachas agus ar fháltais le hais na méideanna a leithreasaíodh le haghaidh seirbhísí poiblí in 2016.

I bhFíor 6A.2, léirítear conas mar a caitheadh le leithreasaí barrachais in 2016 – cibé acu tríd an gcaiteachas a iarchur go 2017, nó trína bhforghéilleadh don Státchiste.

Léirítear i bhFíor 6A.3 fáltais bhreise a réadaigh an Státchiste.

Tá míniú anseo thíos ar roinnt de na téarmaí a úsáidtear sna táblaí.

| | |
|---|---|
| **Deontas soláthair** | An t-airgead a dheonaigh (nó a vótáil) Dáil Éireann le haghaidh gach ceann de na seirbhísí poiblí. |
| **Iarchurtha ó 2015** | Méid an chistithe caipitil nár caitheadh in 2015 agus a tugadh anonn lena chaitheamh ar sheirbhísí caipitil in 2016.  Cheadaigh Dáil Éireann tabhairt anonn na suimeanna sin ar fad san Acht Leithreasa, 2015. |
| **Leithreasaí i gcabhair** | Fáltais roinne ar féidir, le cead ó Dháil Éireann, iad a choinneáil chun costais an vóta lena mbaineann siad a ghlanadh. |
| **Leithreasaí iomlána** | Suim an deontais soláthair, an airgid caipitil iarchurtha ó 2015 (más ann dó) agus leithreasaí i gcabhair. |
| **Barrachas don bhliain** | Barrachas na leithreasaí iomlána a cheadaigh Dáil Éireann anuas ar an nglanchaiteachas mar aon le haon bharrachas ar leithreasaí i gcabhair.  Dlitear an barrachas don bhliain a fhorghéilleadh don Státchiste. |
| **Géilleadh iarchurtha** | Méid an chistithe caipitil nár caitheadh in 2016 agus a tugadh anonn lena chaitheamh in 2017.  Cheadaigh Dáil Éireann tabhairt anonn na suimeanna sin san Acht Leithreasa, 2016. |
| **Barrachas le géilleadh** | Méid an airgid a leithreasaíodh in 2016 ach nár caitheadh sa bhliain nó nach bhfuil iarchurtha go 2017, agus ar gá, dá bhrí sin, é a ghéilleadh don Státchiste. |
| **Fáltais bhreise Státchiste** | Fáltais roinne nach leithreasaí i gcabhair de chuid an vóta iad, ach a n-íoctar díreach leis an Státchiste iad. |

### Fíor 6A.1 Achoimre ar leithreasaí le haghaidh seirbhísí poiblí in 2016, de réir vóta

| Vóta | Seirbhís | Méid a leithreasaíodh | | | | Toradh | | | Barrachas/easnamh | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Deontais soláthair | Iarchurtha ó 2015 | Leithreasaí i gcabhair | Iomlán | Ollchaiteachas | Leithreasaí i gcabhair | Glan-chaiteachas | Oll-bharr. /(oll-eas.) | Barrachas/ (easnamh) sna fáltais | Glan-bharr. don bhliain[a] |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| 1 | Teaghlachas an Uachtaráin | 3,811 | — | 106 | 3,917 | 3,608 | 84 | 3,524 | 309 | (22) | 287 |
| 2 | Roinn an Taoisigh | 29,350 | — | 870 | 30,220 | 23,348 | 763 | 22,585 | 6,872 | (107) | 6,765 |
| 3 | Oifig an Ard-Aighne | 14,695 | — | 788 | 15,483 | 14,221 | 743 | 13,478 | 1,262 | (45) | 1,217 |
| 4 | An Phríomh-Oifig Staidrimh | 82,081 | — | 1,435 | 83,516 | 76,557 | 1,442 | 75,115 | 6,959 | 7 | 6,966 |
| 5 | Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí | 38,886 | — | 975 | 39,861 | 39,417 | 791 | 38,626 | 444 | (184) | 260 |
| 6 | Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit | 29,148 | — | 1,860 | 31,008 | 30,004 | 1,114 | 28,890 | 1,004 | (746) | 258 |
| 7 | Oifig an Aire Airgeadais | 39,479 | 115 | 1,400 | 40,994 | 31,238 | 2,271 | 28,967 | 9,756 | 871 | 10,627 |
| 8 | Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste | 6,761 | — | 5,759 | 12,520 | 11,567 | 6,514 | 5,053 | 953 | 755 | 1,708 |
| 9 | Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 331,113 | 2,000 | 69,487 | 402,600 | 397,003 | 74,696 | 322,307 | 5,597 | 5,209 | 10,806 |
| 10 | An Coimisiún um Achomhairc Chánach | 1,440 | — | 60 | 1,500 | 890 | 46 | 844 | 610 | (14) | 596 |
| 11 | Oifig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe | 43,748 | — | 2,165 | 45,913 | 43,188 | 1,965 | 41,223 | 2,725 | (200) | 2,525 |
| 12 | Aoisliúntais agus Liúntais Scoir | 391,880 | — | 135,000 | 526,880 | 499,500 | 158,403 | 341,097 | 27,380 | 23,403 | 50,783 |
| 13 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 357,548 | 7,000 | 26,978 | 391,526 | 391,487 | 32,685 | 358,802 | 39 | 5,707 | 5,746 |
| 14 | An tSaotharlann Stáit | 8,450 | — | 790 | 9,240 | 8,882 | 883 | 7,999 | 358 | 93 | 451 |
| 15 | An Rúnseirbhís | 1,000 | — | — | 1,000 | 683 | — | 683 | 317 | — | 317 |
| 16 | An Oifig Luachála | 9,491 | — | 1,150 | 10,641 | 9,129 | 1,139 | 7,990 | 1,512 | (11) | 1,501 |
| 17 | An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí | 9,398 | — | 252 | 9,650 | 9,537 | 275 | 9,262 | 113 | 23 | 136 |
| 18 | An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 37,910 | 1,248 | 4,780 | 43,938 | 36,405 | 5,338 | 31,067 | 7,533 | 558 | 8,091 |
| 19 | Oifig an Ombudsman | 9,738 | — | 402 | 10,140 | 8,408 | 302 | 8,106 | 1,732 | (100) | 1,632 |
| 20 | An Garda Síochána | 1,451,548 | 6,644 | 123,476 | 1,581,668 | 1,570,562 | 123,894 | 1,446,668 | 11,106 | 418 | 11,524 |

| Vóta | Seirbhís | Méid a leithreasaíodh | | | | Toradh | | | Barrachas/easnamh | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Deontais soláthair | Iarchurtha ó 2015 | Leithreasaí i gcabhair | Iomlán | Ollchaiteachas | Leithreasaí i gcabhair | Glan-chaiteachas | Oll-bharr. /(oll-eas.) | Barrachas/ (easnamh) sna fáltais | Glan-bharr. don bhliain[a] |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| 21 | Príosúin | 318,651 | — | 13,407 | 332,058 | 325,041 | 13,440 | 311,601 | 7,017 | 33 | 7,050 |
| 22 | An tSeirbhís Chúirteanna | 65,669 | — | 47,503 | 113,172 | 112,365 | 47,780 | 64,585 | 807 | 277 | 1,084 |
| 23 | An tÚdarás Clárúcháin Maoine | 30,434 | — | 610 | 31,044 | 28,799 | 750 | 28,049 | 2,245 | 140 | 2,385 |
| 24 | An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais | 350,416 | — | 60,879 | 411,295 | 389,842 | 64,949 | 324,893 | 21,453 | 4,070 | 25,523 |
| 25 | Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas | 6,190 | — | 116 | 6,306 | 6,208 | 153 | 6,055 | 98 | 37 | 135 |
| 26 | An Roinn Oideachais agus Scileanna | 8,340,653 | — | 487,309 | 8,827,962 | 8,813,454 | 487,448 | 8,326,006 | 14,508 | 139 | 14,647 |
| 27 | Comhoibriú Idirnáisiúnta | 485,281 | — | 1,150 | 486,431 | 484,822 | 1,518 | 483,304 | 1,609 | 368 | 1,977 |
| 28 | An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála | 166,759 | 475 | 50,253 | 217,487 | 215,424 | 56,903 | 158,521 | 2,063 | 6,650 | 8,714 |
| 29 | An Roinn Cumarsáide, Gnóthaí ar son na hAeráide agus Comhshaoil | 228,486 | 14,328 | 237,998 | 480,812 | 438,895 | 228,535 | 210,360 | 41,917 | (9,463) | 32,454 |
| 30 | An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara | 1,044,661 | 12,000 | 306,441 | 1,363,102 | 1,257,012 | 453,147 | 803,865 | 106,090 | 146,706 | 252,796 |
| 31 | An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt | 1,450,259 | 16,100 | 383,326 | 1,849,685 | 1,836,107 | 383,627 | 1,452,480 | 13,578 | 301 | 13,879 |
| 32 | An Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta | 788,325 | 10,000 | 47,148 | 845,473 | 842,959 | 52,680 | 790,279 | 2,514 | 5,532 | 8,046 |
| 33 | An Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta | 370,040 | 6,158 | 12,609 | 388,807 | 368,150 | 8,620 | 359,530 | 20,657 | (3,989) | 16,668 |
| 34 | An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil | 1,357,441 | 32,000 | 26,464 | 1,415,905 | 1,399,026 | 19,863 | 1,379,163 | 16,879 | (6,601) | 10,277 |
| 35 | Pinsin Airm | 229,490 | — | 5,200 | 234,690 | 234,713 | 5,437 | 229,276 | (23) | 237 | 214b |
| 36 | An Roinn Cosanta | 656,616 | — | 25,155 | 681,771 | 670,725 | 40,667 | 630,058 | 11,046 | 15,512 | 26,558 |
| 37 | An Roinn Coimirce Sóisialaí | 10,981,429 | — | 263,960 | 11,245,389 | 11,215,323 | 272,843 | 10,942,480 | 30,066 | 8,883 | 38,949 |
| 38 | An Roinn Sláinte | 13,649,033 | — | 460,221 | 14,109,254 | 14,107,220 | 460,408 | 13,646,812 | 2,034 | 187 | 2,221 |
| 39 | An Oifig um Sholáthar Rialtais | 19,982 | 200 | 500 | 20,682 | 14,424 | 429 | 13,995 | 6,258 | (71) | 6,187 |
| 40 | An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige | 1,113,026 | 3,500 | 25,450 | 1,141,976 | 1,088,428 | 22,007 | 1,066,421 | 53,548 | (3,443) | 50,105 |
| 41 | An tÚdarás Póilíneachta | 2,640 | — | 60 | 2,700 | 1,106 | 31 | 1,075 | 1,594 | (29) | 1,565 |
| | **Iomlán** | **44,552,956** | **111,768** | **2,833,492** | **47,498,216** | **47,055,677** | **3,034,583** | **44,021,094** | **442,539** | **201,091** | **643,630** |

Foinse: Cuntais Leithreasa 2016. Is de bharr slánú aon neamhréiteach dealraitheach sna hiomláin.

Nótaí:
a Cuimsítear leis an nglanbharrachas barrachas na leithreasaí iomlána a cheadaigh Dáil Éireann anuas ar an nglanchaiteachas mar aon leis an mbarrachas/easnamh ar leithreasaí i gcabhair.
b Tá feidhmiú na leithreasaí barrachais i gcabhair chun an caiteachas barrachais a sheasamh fós le faomhadh ag Dáil Éireann agus tá an glanbharrachas a léirítear i gcomhair Vóta 35 ‘Pinsin Airm’ ag brath ar an bhfaomhadh sin.

**Fíor 6A.2 Feidhmiú leithreasaí barrachais, 2016, de réir vóta**

| Vóta | Seirbhís | Barrachas don bhliain | Géilleadh iarchurtha (do 2016) | Barrachas le géilleadh |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| 1 | Teaghlachas an Uachtaráin | 287 | — | 287 |
| 2 | Roinn an Taoisigh | 6,765 | — | 6,765 |
| 3 | Oifig an Ard-Aighne | 1,217 | — | 1,217 |
| 4 | An Phríomh-Oifig Staidrimh | 6,966 | — | 6,966 |
| 5 | Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí | 260 | — | 260 |
| 6 | Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit | 258 | — | 258 |
| 7 | Oifig an Aire Airgeadais | 10,627 | 227 | 10,400 |
| 8 | Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste | 1,708 | — | 1,708 |
| 9 | Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 10,806 | 2,000 | 8,806 |
| 10 | An Coimisiún um Achomhairc Chánach | 596 | — | 596 |
| 11 | Oifig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe | 2,525 | — | 2,525 |
| 12 | Aoisliúntais agus Liúntais Scoir | 50,783 | — | 50,783 |
| 13 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 5,746 | — | 5,746 |
| 14 | An tSaotharlann Stáit | 451 | — | 451 |
| 15 | An Rúnseirbhís | 317 | — | 317 |
| 16 | An Oifig Luachála | 1,501 | — | 1,501 |
| 17 | An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí | 136 | — | 136 |
| 18 | An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 8,091 | — | 8,091 |
| 19 | Oifig an Ombudsman | 1,632 | — | 1,632 |
| 20 | An Garda Síochána | 11,524 | 9,344 | 2,180 |

**Fíor 6A.3 Fáltais bhreise don Státchiste, 2016, de réir vóta**

| Vóta | Seirbhís | Fáltais bhreise réadaithe |
|---|---|---|
| | | €000 |
| 1 | Teaghlachas an Uachtaráin | — |
| 2 | Roinn an Taoisigh | — |
| 3 | Oifig an Ard-Aighne | — |
| 4 | An Phríomh-Oifig Staidrimh | — |
| 5 | Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí | 23 |
| 6 | Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit | 10 |
| 7 | Oifig an Aire Airgeadais | 3 |
| 8 | Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste | — |
| 9 | Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 1,207 |
| 10 | An Coimisiún um Achomhairc Chánach | — |
| 11 | Oifig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe | 1 |
| 12 | Aoisliúntais agus Liúntais Scoir | — |
| 13 | Oifig na nOibreacha Poiblí | — |
| 14 | An tSaotharlann Stáit | — |
| 15 | An Rúnseirbhís | — |
| 16 | An Oifig Luachála | — |
| 17 | An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí | — |
| 18 | An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | — |
| 19 | Oifig an Ombudsman | — |
| 20 | An Garda Síochána | 3,650 |

| Vóta | Seirbhís | Barrachas don bhliain | Géilleadh iarchurtha (do 2015) | Barrachas le géilleadh |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| 21 | Príosúin | 7,050 | 2,833 | 4,217 |
| 22 | An tSeirbhís Chúirteanna | 1,084 | — | 1,084 |
| 23 | An tÚdarás Clárúcháin Maoine | 2,385 | — | 2,385 |
| 24 | An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais | 25,523 | — | 25,523 |
| 25 | Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas | 135 | — | 135 |
| 26 | An Roinn Oideachais agus Scileanna | 14,647 | — | 14,647 |
| 27 | Comhoibriú Idirnáisiúnta | 1,977 | — | 1,977 |
| 28 | An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála | 8,714 | — | 8,714 |
| 29 | An Roinn Cumarsáide, Gnóthaí ar son na hAeráide agus Comhshaoil | 32,454 | 12,128 | 20,326 |
| 30 | An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara | 252,796 | 21,700 | 231,096 |
| 31 | An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt | 13,879 | 10,969 | 2,910 |
| 32 | An Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta | 8,046 | — | 8,046 |
| 33 | An Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta | 16,668 | 13,548 | 3,120 |
| 34 | An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil | 10,277 | — | 10,277 |
| 35 | Pinsin Airm | 214 | — | 214a |
| 36 | An Roinn Cosanta | 26,558 | — | 26,558 |
| 37 | An Roinn Coimirce Sóisialaí | 38,949 | — | 38,949 |
| 38 | An Roinn Sláinte | 2,221 | — | 2,221 |
| 39 | An Oifig um Sholáthar Rialtais | 6,187 | 110 | 6,077 |
| 40 | An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige | 50,105 | 1,640 | 48,465 |
| 41 | An tÚdarás Póilíneachta | 1,565 | — | 1,565 |
| | **Iomlán** | **643,630** | **74,499** | **569,131** |

Foinse: Cuntais Leithreasa 2016
Nóta: a Tá feidhmiú na leithreasaí barrachais i gcabhair chun an caiteachas barrachais a sheasamh fós le faomhadh ag Dáil Éireann agus tá an barrachas le géilleadh a léirítear i gcomhair Vóta 35 'Pinsin Airm' ag brath ar an bhfaomhadh sin.

| Vóta | Seirbhís | Fáltais bhreise réadaithe |
|---|---|---|
| | | €000 |
| 21 | Príosúin | — |
| 22 | An tSeirbhís Chúirteanna | 9,339 |
| 23 | An tÚdarás Clárúcháin Maoine | 58,428 |
| 24 | An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais | 1 |
| 25 | Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas | — |
| 26 | An Roinn Oideachais agus Scileanna | 1,401 |
| 27 | Comhoibriú Idirnáisiúnta | — |
| 28 | An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála | — |
| 29 | An Roinn Cumarsáide, Gnóthaí ar son na hAeráide agus Comhshaoil | 39,066 |
| 30 | An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara | 11,786 |
| 31 | An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt | 1,112 |
| 32 | An Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta | 522 |
| 33 | An Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta | 4 |
| 34 | An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil | 2,193 |
| 35 | Pinsin Airm | — |
| 36 | An Roinn Cosanta | 1,894 |
| 37 | An Roinn Coimirce Sóisialaí | 38 |
| 38 | An Roinn Sláinte | — |
| 39 | An Oifig um Sholáthar Rialtais | 37 |
| 40 | An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige | 2,419 |
| 41 | An tÚdarás Póilíneachta | — |
| | **Iomlán** | **133,134** |

Foinse: Cuntais Leithreasa 2016